2025/2532

17.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2532 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Nollaig 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin agus sonraíochtaí tagartha le haghaidh seirbhísí ríomhchartlannaithe cáilithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 45j(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tugadh isteach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 liosta de sheirbhísí iontaoibhe agus de sheirbhísí iontaoibhe cáilithe nua, lena n-áirítear an tseirbhís ríomhchartlannaithe cháilithe. Bunóidh an Coimisiún liosta caighdeáin tagartha agus, i gcás inar gá, bunóidh sé sonraíochtaí le haghaidh na seirbhísí sin.

(2) Seirbhís atá i ríomhchartlannú maidir le fáil, stóráil, aisghabháil agus scriosadh sonraí leictreonacha agus doiciméad leictreonach chun a marthanacht agus a n-inléiteacht a áirithiú agus chun a sláine, a rúndacht agus a gcruthúnas tionscnaimh a chaomhnú le linn na tréimhse caomhnaithe. Tá ról ríthábhachtach ag seirbhísí ríomhchartlannaithe cáilithe i dtimpeallacht an ghnó dhigitigh tríd an aistriú ó phróisis thraidisiúnta pháipéarbhunaithe go coibhéisí leictreonacha a chur chun cinn. Chun a áirithiú go gcaomhnóidh sonraí leictreonacha agus doiciméid leictreonacha toimhde a sláine agus a dtionscnaimh ar feadh na tréimhse caomhnaithe ag an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe, agus chun ardleibhéal trédhearcachta agus muiníne a bhaint amach i measc na rannpháirtithe uile i saolré na faisnéise, is gá tacar coiteann sonraíochtaí a bhunú le haghaidh seirbhísí ríomhchartlannaithe cáilithe.

(3) Chun luach fianaiseach, slándáil agus iontaofacht seirbhísí ríomhchartlannaithe cáilithe a mhéadú, i gcás ina n-úsáidtear ríomhshínithe, ríomhshéalaí nó ríomhstampaí ama chun fianaise ar chartlannú, taifid fianaise, taifid ar imeachtaí, taifid ar chur chun feidhme ceart nósanna imeachta, nó tuarascálacha deimhnithe cartlannaithe a chruthú, a shíniú, a shéalú nó a ndáta agus a n-am a fhianú, ba cheart seirbhísí iontaoibhe cáilithe a úsáid.

(4) Níor cheart feidhm a bheith ag an toimhde comhlíontachta a leagtar síos in Airteagal 45j(2) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ach amháin i gcás ina gcomhlíonann seirbhísí ríomhchartlannaithe cáilithe na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo. Leis na caighdeáin tagartha le haghaidh seirbhísí ríomhchartlannaithe cáilithe, ba cheart cleachtais sheanbhunaithe a léiriú agus ba cheart iad a aithint go forleathan laistigh de na hearnálacha ábhartha. Ba cheart iad a oiriúnú chun go n-áireofaí leo rialuithe breise lena n-áirítear slándáil agus iontaofacht na seirbhísí ríomhchartlannaithe cáilithe.

(5) Má chloíonn soláthraí seirbhísí iontaoibhe leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart do chomhlachtaí maoirseachta a thoimhdiú go bhfuil ceanglais ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 á gcomhlíonadh agus breithniú cuí a dhéanamh ar an toimhde sin chun stádas cáilithe na seirbhíse iontaoibhe a dheonú nó a dheimhniú. Mar sin féin, féadfaidh soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe brath fós ar chleachtais eile chun comhlíonadh cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a léiriú.

(6) Chun sláine agus cruthúnas tionscnaimh sonraí leictreonacha agus doiciméad leictreonach a chaomhnú, ar sonraí agus doiciméid iad ina bhfuil ríomhshíniú cáilithe nó ríomhshéala cáilithe amháin nó níos mó, ba cheart do sheirbhísí ríomhcartlannaithe cáilithe úsáid a bhaint as nósanna imeachta agus teicneolaíochtaí atá in ann iontaofacht na ríomhshínithe cáilithe agus na ríomhshéalaí cáilithe sin a leathnú chun níos mó ná an tréimhse bhailíochta teicneolaíochta a chumhdach, ar feadh na tréimhse coinneála ar a laghad.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj).

(7) Déanann an Coimisiún measúnú tráthrialta ar theicneolaíochtaí, cleachtais, caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla nua. I gcomhréir le hAithris 75 de Rialachán (AE) 2024/1183, ba cheart don Choimisiún an Rialachán seo a athbhreithniú agus, más gá, a thabhairt cothrom le dáta, chun é a choinneáil i gcomhréir le forbairtí domhanda, teicneolaíochtaí nua, cleachtais nua, caighdeáin nua nó sonraíochtaí teicniúla nua agus chun na dea-chleachtais ar an margadh inmheánach a leanúint.

(8) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus thug an Maoirseoir tuairim an 21 Deireadh Fómhair 2025 ([6]).

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ríomhchartlannú doiciméad a bhfuil ríomhshíniú cáilithe nó ríomhshéala cáilithe orthu

1. Agus sonraí leictreonacha nó doiciméid leictreonacha ina bhfuil ríomhshínithe cáilithe nó ríomhshéalaí cáilithe á gcartlannú, áiritheoidh soláthraithe seirbhísí ríomhchartlannaithe cáilithe go gcoinneofar iontaofacht na ríomhshínithe cáilithe nó na ríomhshéalaí cáilithe sin ar bun, lena n-áirítear níos faide ná a dtréimhse bhailíochta teicneolaíochta, agus go gcoinneofar sláine agus cruinneas thionscnamh na ríomhshínithe cáilithe agus na ríomhshéalaí cáilithe ar bun, go dtí deireadh na tréimhse coinneála dlíthiúla nó conarthaí ar a laghad.

2. Chun críocha mhír 1, féadfaidh soláthraithe seirbhísí ríomhchartlannaithe cáilithe brath ar sheirbhís caomhnaithe cháilithe le haghaidh ríomhshínithe cáilithe nó ar sheirbhís caomhnaithe cháilithe le haghaidh ríomhshéalaí cáilithe.

Airteagal 2

Caighdeáin agus sonraíochtaí tagartha le haghaidh soláthar seirbhísí ríomhchartlannaithe cáilithe

Leagtar amach na caighdeáin agus na sonraíochtaí tagartha dá dtagraítear in Airteagal 45j(2) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([6]) Barúlacha foirmiúla MECS maidir leis an dréacht-Rialachán Cur Chun Feidhme lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le caighdeáin agus sonraíochtaí tagartha le haghaidh seirbhísí ríomhchartlannaithe cáilithe.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

An liosta caighdeán agus sonraíochtaí tagartha le haghaidh seirbhísí ríomhchartlannaithe cáilithe

Beidh feidhm ag CEN/TS 18170:2025 ('CEN/TS 18170') leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) Tagairtí normatacha (clásal 2)

— ETSI EN 319 401 V3.1.1 (2024-06), Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Ceanglais Bheartais Ghinearálta le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe

— ETSI EN 319 421 V1.3.1 (2025-07) Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair Ceanglais Bheartais agus Slándála le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe a eisíonn Stampaí Ama

— ISO 14721:2025, Cleachtais maidir le Córais Sonraí Spáis — Samhail tagartha le haghaidh córas faisnéise cartlainne oscailte

— ACM-ECCG, an Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála, an Foghrúpa maidir le Cripteagrafaíocht: 'Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe' arna bhfoilsiú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ('ENISA').

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ón gCoimisiún ([1]).

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3144 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3144 ón gCoimisiún ([2]).

— ISO/IEC 15408:2022 (codanna 1 go 5) 'Slándáil faisnéise, cibearshlándáil agus cosaint príobháideachais – Critéir mheastóireachta maidir le slándáil TF'.

— FIPS PUB 140-3 (2019) 'Ceanglais Slándála maidir le Modúil Chripteagrafacha'.

(b) Ráiteas beartais agus cleachtais (clásal 6.1)

— Beidh feidhm ag ceanglais CEN/TS 18170, clásal 6.1.

— Beidh feidhm ag ceanglais ETSI EN 319 401, clásal 5.

— Bunóidh EATSP nósanna imeachta chun fógra a thabhairt don chomhlacht maoirseachta faoi aon athrú ar sholáthar na seirbhíse ríomhchartlannaithe iontaoibhe agus faoin rún scor de na gníomhaíochtaí sin, i gcomhréir le ceanglais ghnó agus le dlíthe agus rialacháin ábhartha, lena n-áirítear i gcomhréir le ceanglais na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.2].

— Tabharfaidh EATSP fógra don chomhlacht maoirseachta inniúil ar a laghad:

— mí amháin sula gcuirfear aon athrú chun feidhme;

— 3 mhí roimh an scor atá beartaithe do sholáthar seirbhísí iontaoibhe.

(c) Téarmaí agus Coinníollacha (clásal 6.2)

— Beidh feidhm ag ceanglais CEN/TS 18170, clásal 6.2.

— Cuirfear rannpháirtithe agus páirtithe a bhraitheann ar an tseirbhís ríomhchartlannaithe iontaoibhe ar an eolas, ar bhealach soiléir, cuimsitheach agus inrochtana go héasca, i spás a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus ar bhonn aonair, faoi théarmaí agus coinníollacha beachta, sula rachaidh siad i mbun gaol conarthach.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le glacadh na scéime Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (SEDC) (IO L, 2024/482, 7.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/482/oj).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3144 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme agus lena gceartaítear an Rialachán Cur Chun Feidhme sin (IO L, 2024/3144, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3144/oj).

(d) Acmhainní daonna (clásal 7.3)

— Beidh feidhm ag ceanglais CEN/TS 18170, clásal 7.3.

— Beidh pearsanra EATSP i róil iontaofa, agus más infheidhme a fhochonraitheoirí i róil iontaofa, in ann an ceanglas maidir le 'saineolas, taithí agus cáilíochtaí' a chomhlíonadh trí oiliúint fhoirmiúil agus dintiúir, nó trí thaithí iarbhír, nó trí mheascán den dá cheann. Áireofar leis sin nuashonruithe rialta (gach 12 mhí ar a laghad) ar bhagairtí nua agus ar chleachtais slándála reatha.

(e) Rialuithe cripteagrafacha agus faireachán (clásal 7.6)

— Leis an gcóras cartlannaithe, ní mór rúndacht sonraí agus doiciméad a áirithiú le linn shaolré na cartlainne óna taisceadh go dtí go gcuirfear deireadh léi.

— Beidh feidhm ag na ceanglais a shonraítear in ETSI EN 319 401, fochlásal 7.5 'Rialuithe cripteagrafacha'.

— Suífidh EATSP tionscnamh na sonraí atá le cartlannú sa chóras ríomhcartlannaithe. Má úsáideann siad ríomhshínithe nó ríomhshéalaí chun é sin a dhéanamh, beidh na ríomhshínithe nó na ríomhshéalaí sin cáilithe.

— Nuair a shíníonn EATSP réad digiteach nó taifead digiteach (nó cuid de) go digiteach, coinneofar eochair shínithe phríobháideach EATSP agus úsáidfear í laistigh de ghléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe nó ríomhshéala cáilithe nó laistigh de ghléas cripteagrafach slán ar córas iontaofa é atá deimhnithe i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) Critéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, mar a leagtar amach in ISO/IEC 15408 nó i gCritéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, leagan CC:2022, Codanna 1 go 5, arna bhfoilsiú ag rannpháirtithe an tSocraithe maidir le Deimhnithe Critéar Coiteann a Aithint i réimse na Slándála TF, agus deimhnithe do EAL 4 nó níos airde; nó

(b) an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3144 ón gCoimisiún) agus atá deimhnithe ag Leibhéal Dearbhúcháin Meastóireachta 4 nó níos airde; nó

(c) go dtí an 31.12.2030, FIPS PUB 140-3 leibhéal 3.

— Déanfar an deimhniú sin chuig sprioc slándála nó próifíl chosanta, nó chuig dearadh modúil agus doiciméadacht slándála, a chomhlíonann ceanglais an doiciméid seo, bunaithe ar anailís riosca agus bearta slándála fisiciúla agus neamhtheicniúla eile á gcur san áireamh.

— Má bhaineann an gléas cripteagrafach slán tairbhe as deimhniú SEDC (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3144 ón gCoimisiún), déanfar an gléas sin a chumrú agus a úsáid i gcomhréir leis an deimhniú sin.

— Déanfaidh EATSP faireachán ar neart an algartaim chripteagrafaigh a úsáideadh agus a úsáidtear. I gcás ina meastar nach bhfuil ceann de na halgartaim nó na paraiméadair a úsáideadh oiriúnach mar a shainítear sa bhainistiú riosca, tabharfaidh EATSP an beartas cartlannaithe gaolmhar cothrom le dáta nó cruthóidh sé próifíl chartlannaithe nua chun na AIPanna a láimhseáil agus bearta iomchuí a shainiú agus a chur i gcrích.

— Beidh an mheastóireacht ar na halgartaim chripteagrafacha agus an úsáid a bhaineann EATSP astu i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA (ACM-ECCG).

— Déanfaidh comhpháirteanna teicniúla EATS fíordheimhniú ar a chéile bunaithe ar theicnící cripteagrafacha sula ndéanfar iad a chur in iúl.

(f) Líonra (clásal 7.9)

— Beidh feidhm ag na ceanglais a shonraítear in ETSI EN 319 401, fochlásal 7.8 'Slándáil líonra'.

— Déanfar an scanadh leochaileachta arna iarraidh le REQ-7.8-13 de ETSI EN 319 401 uair amháin in aghaidh na ráithe ar a laghad.

— Déanfar an tástáil treáite arna hiarraidh ag REQ-7.8-17X de ETSI EN 319 401 uair sa bhliain ar a laghad.

— Déanfar ballaí dóiteáin a chumrú chun cosc a chur le gach prótacal agus rochtain nach bhfuil gá leo chun EATSP a oibriú.

(g) Bailiú fianaise (clásal 7.11)

— Beidh feidhm ag na ceanglais a shonraítear in ETSI EN 319 401, fochlásal 7.10 'Bailiú fianaise', lena n-áirítear maidir le teagmhais chriticiúla agus neamhchriticiúla (féach fochlásal 13.2)

(h) Foirceannadh agus plean foirceanta EATSP (clásal 7.13)

— Beidh feidhm ag ceanglais CEN/TS 18170, clásal 7.13.

— Comhlíonfaidh plean foirceanta EATSP na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

(i) Am iontaofa teagmhas (clásal 13.3.1)

— Beidh feidhm ag ceanglais CEN/TS 18170, clásal 13.3.1.

— Agus stampaí ama á n-úsáid, úsáidfidh EATSP stampa ama cáilithe.